# MO CHEAD CHUAIRT AR NA DEISIBH

Laoch o Laighin do scriobh

Go brath na breithe ni dheanfad dearmhad ar mo chead chuairt ar Dheisibh Mumhan. An samhradh a bhi ann agus me ar mo laethannta saora. Muinteoireacht i gconndae i lar na tire ab obair dhom i rith na bliana agus dar liom narbh fhearr rud a dheanfainn na seal a chaitheamh ag deanamh leinn i gColaiste na Gaeilge i Rinn o gCuanach ins na Deisibh.

Nior luaithe ceaptha na deante e agus maidean De Sathairn an la dar gcionn i dtosach Mhi Iuil chuires chun bothair agus stad no conai nior dheineas gur shroiseas baile mor Dhonn Gharbhain.

Amach liom ar an sraid agus b'shiud chun siuil me ar mo rothar tre phriomhshraid an bhaile mhoir. T'reis cupla casadh a dheanamh agus eolas an bhothair a chur uair no dho fuaires me fein ag dreapadoireacht suas cnoc mor fada nach cuimhim liom anois a ainm. Ba bhrotallach an obair i la samhraidh ach ba chuma liom, mar bhios og laidir agus slainte an bhradain agam agus na rabhas ar mo shli go dti an "Tir Tarngaire" ud, Rinn o gCuanach i nDutaigh Deise!

T'reis tamaill a raibh faid na sioraiochta ann a chaitheamh ag ple leis an gcnoc mor millteach ud bhaineas a bharr amach. Ba bhrea eascai an siul a bhi fum anois. Bhi an bothar cuiosach maith agus nior chuir an rothaoiocht as dom a thuille. Niorbh fhada mar sin go dtainigeas go crosbhothar ar a dtugtar - ma's buan mo chuimhne - Crosaire I Chadhla.

Sios uaim fad mo radhairc bhi an Rinn, Baile na nGall agus Heilbhic ag sineadh amach le hais an chuain agus tonntracha treana agus bristeacha bana na fairrge moire ag briseadh go dubhshlanach ar charraigreacha Cheann Heilbric. Bhuail athas agus gliondar me nuair a luios